



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Scaradh Fisiciúil a Choinneáil sa Seomra Ranga Seicliosta do Bhunscoileanna & do Scoileanna Speisialta

Treochlár chun Fhilleadh go hIomlán ar an

Scoil

Treoir agus Seicliosta

Anois go bhfuil an chomhairle sláinte phoiblí á cur i bhfeidhm chun scaradh fisiciúil a choinneáil sa seomra ranga, ba cheart do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta:

- Spásanna ranga a atheagrú chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú;
- Gach spás atá ar fáil a úsáid agus a atheagrú chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú.

D'ullmhaigh an Roinn réimse cáipéisíocht treorach chun cabhrú le scoileanna agus iad ag athoscailt. Áirítear leis seo líníochtaí den seomra ranga chun a léiriú conas scaradh fisiciúil a dhéanamh. Is é seo an nasc chuig na doiciméid sin:

www.gov.ie/filleadharscoil.

Cuirtear ar fáil an seicliosta seo a leanas de ghníomhartha féideartha chun cabhrú le bunscoileanna sa phróiseas seo, cé go n-aithnítear gurb iad na scoileanna iad féin is fearr a dhéanfaidh cinneadh maidir leis an leagan amach cuí dá scoil, ós rud é go bhfuil gach suíomh scoile difriúil ó thaobh (i) suíomh; (ii) leagan amach fisiciúil; (iii) spás atá ar fáil laistigh den scoil; (iv) líon na ndaltaí; (v) cumraíocht ranga agus (vi) éascaíocht rochtain fhéideartha ar spás lasmuigh den scoil.

Spásanna sa seomra ranga a atheagrú chun an scaradh fisiciúil is mó a éascú

Bearta	
a. Baintear aon chaibinéid, troscán srl. chun an spás sa seomra ranga a uasmhéadú	
b. Breithníú a thabhairt ar sheomra stórála lárnach a chur ar fáil sna scoileanna i gcomhair acmhainní múinteoirí ionas gur féidir an spás atá ar fáil laistigh den seomra ranga a uasmhéadú	
c. Is féidir deasca agus cathaoireacha i seomraí ranga a atheagrú chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú chomh fada agus is féidir (féach leaganacha amach léiritheacha na Roinne a thugann treoir maidir leis an gcaoi is fearr chun fad fisiciúil a uasmhéadú agus d'fhéadfaí cur chuige den chineál céanna a leanúint chomh fada agus is féidir do rang-ghrúpaí agus do sheomraí ranga ar mhéideanna éagsúla).	
d. Déileáil le gach seomra ranga mar Bholgán Ranga. I mbunscoileanna níos lú, d'fhéadfadh gur daltaí ó blianta ranga difriúla a bheadh san áireamh leis sin. Is é an príomhphointe teorainn a chur leis an méid teagmhála a dhéantar agus le háiseanna comónta a bheith á roinnt idir daoine i mBolgáin Ranga éagsúla	
e. Is beart breise é Faighneoga a chruthú laistigh de Bholgáin Ranga seachas ceanglas iomlán. Más gá bolgán ranga a roinnt ina Fhaighneoga, deartar méid na Faigheoige chomh beag agus is féidir agus is praiticiúil ar bhonn réasúnta i gcomhthéacs an tseomra ranga ar leith. Coinnítear achar 1 mhéadar idir Faighneoga laistigh den Bholgán Ranga, agus am ar bith ar féidir, idir daoine aonair laistigh den Fhaighneog (Féach leagan amach léiritheach na Roinne).	

Gach spás atá ar fáil a úsáid agus a atheagrú chun an scaradh fisiciúil a uasmhéadú

Bearta	
a. Leithdháiltear na rang-ghrúpaí ó Rang 3 aníos ar na seomraí ranga is mó (óir, de réir na comhairle sláinte phoiblí, ní réamhriachtanas é chun bunscoil a athoscailt do gach dalta go gcloíff le hachar 1 mhéadar sa seomra ranga idir daltaí sna Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha, ná sa 1 ^ú agus 2 ^ú bliain)	
b. Athbhreithníú ar úsáid na seomraí agus na limistéar go léir laistigh den scoil chun na deiseanna a uasmhéadú laistigh d'achar fhoirgneamh na scoile chun filleadh go hiomlán ar an scoil a bhaint amach – arb í an phríomhthosaíocht náisiúnta í. D'fhéadfadh sé go gciallódh se sin úsáid a bhaint as na spásanna is mó atá ar fáil (ar nós limistéar tionóil, Gnáthsheomraí ranga móra. Seomraí ilfheidhme srl.) chun freastal ar ranganna níos mó.	

Spásanna a aimsiú a bhfuil teacht orthu laistigh den Phobal áitiúil

Mura leor na gníomhartha thuas chun scaradh fisiciúil a chinntiú sa seomra ranga de réir an *Treochláir don Fhilleadh go hIomlán ar an Scoil*, smaoinigh arbh fhéidir rochtain a fháil ar spásanna atá ar fáil sa phobal áitiúil, má tá sé sin indéanta.

Más rud é, tar éis na bearta thuas go léir a chur i bhfeidhm, go bhfuil deacrachtaí ag bunscóil scaradh fisiciúil a choinneáil sa seomra ranga de réir na comhairle sláinte poiblí, glaigh ar ár líne chabhrach shainiúil i gcomhair athoscailt scoile ar 057 9324461 nó seol ríomhphost chuig reopeningschools@education.gov.ie